

AN FORAS TAIGHDE
AR OIDEACHAS
AN ROINN TÁSTÁLA

66 Bóthar Richmond,
Droim Conrach,
Áth Cliath 3

Foras Taighde ar
Oideachas
Educational
Research Centre

CATALÓG TRIALACHA

(Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna)

Fón: (01) 8377 614

Ríomhphost: tests@erc.ie

Gréasán: <https://tests.erc.ie>



Déantar cur síos sa leabhrán seo ar na trialacha páipéir atá ar fáil ón ár Roinn Tástála, na roghanna scórála éagsúla atá ar fáil agus na próisis chun ábhair a ordú.

Lean na treoracha seo chun ár n-earraí trialach a cheannach:

Céim 1: Déan an leabhrán a athbhreithniú

Céim 2: Roghnaigh na trialacha páipéir ba mhaith leat a cheannach

Céim 3: Comhlánaigh d'fhoirm ordaithe agus seol í ar ríomhphost chuig tests@erc.ie

Má tá aon cheist agat faoi ábhair an leabhráin seo, cuir ríomhphost le do thoil chuig ár Roinn Tástála ag tests@erc.ie

TRIALACHA A ORDÚ

Is féidir tástálacha a ordú ar ríomhphost, ach **ní ar an bhfón**. Ar chúiseanna rialaithe airgeadais, ní féidir glacadh le horduithe ná iad a leasú ar an bhfón. Tá gearrchuntas thíos ar na céimeanna don ordú agus coinníollacha díolacháin.

- Ioslódáil an fhoirm ordaithe ónár láithreán gréasáin (do bhunscoileanna: <https://www.tests.erc.ie/primary-order-forms>; d'iar-bhunscoileanna schools: <https://www.tests.erc.ie/post-primary-order-forms>).
- Líon isteach sonraí d'ordú, agus bí cinnte go mbíonn faomhadh an phríomhoide faighte don ordú.
- Seol d'ordú chuig an Roinn Tástála, **ag coinneáil cóip duit féin**. Is féidir orduithe a sheoladh ar r-phost chuig tests@erc.ie.
- Seolfar na hábhair go léir go díreach chuig seoladh na scoile. Tá sé tábhachtach na hábhair a sheiceáil ar an bpointe, mar ní féidir neamhréireachtaí a láimhseáil ach go dtí suas le 14 lá ón dáta a fhaightear na hábhair.
 - Cuirfear sonrasc, lena n-áirítear costais postais, sa phost chuig an bpríomhoide go gairid tar éis an tseachadta.
- Caithfidh an t-iomlán a bheith íoctha laistigh de 30 lá ó dháta an tsonraisc. Ní féidir aon orduithe ina dhiaidh sin a phróiseáil go dtí go n-íocfar an méid thar téarma.
- **Ba chóir an íocaíocht a lóisteáil go díreach chuig cuntas bainc na Roinne Tástála** (sonraí ar an sonrasc). Féadfar íoc le seic freisin, ach caithfear an **uimhir rolla** agus an **uimhir sonraisc** a bheith luaite ar chúl an tseic. Mura ndéantar sin, d'fhéadfadh nach mbeadh do chuntas chun sochair, toisc go mb'fhéidir nach eol cad as ar tháinig an íocaíocht.

COINNÍOLLACHA DÍOLACHÁIN

- Caithfidh príomhoide na scoile faomhadh a thabhairt do gach ordú agus costas. Is ar an té a chuireann isteach an t-ordú atá an fhreagracht cead cuí a fháil.
- **Ná cuir** íocaíocht leis an ordú. Cuirfear sonrasc go príomhoide na scoile nuair a bhíonn an t-ordú faighte ag an scoil. Áireofar costais postais sa sonrasc.
- Tá sonrasc iníoctha laistigh de 30 lá ó dháta an tsonraisc.
- Caithfear aon neamhréireachtaí nó earráidí i lastais nó sonrasc a chur in iúl laistigh de 14 lá ó dháta a n-eisiúna.
- Cuir am breise san áireamh le linn tréimhsí gnóthacha chun an t-ordú a phríoiseáil agus a sheoladh.
- I gcúinsí eisceachtúla, féadtar leabhráin agus bileoga freagraí a chur ar ais, faoi réir:
 - Socrú a bhíonn déanta roimh ré.
 - Ceannach laistigh de na 6 seachtaine roimhe sin.
 - Gach ceann i bpacáistí bunaidh gan bhriseadh (ní bheidh creidmheas ar fáil d'earraí scaoilte).
 - Ní féidir earraí nach ndíoltar i bpacáistí (stionsail, lámhleabhair) a chur ar ais.
 - Beidh táille láimhseála 10% i gceist d'aon rud a chuirtear ar ais



DPRT NUA - TRIAIL LÉITHEOIREACHTA BUNSCOILE DHROIM CONRACH (DON BHÉARLA)

Is triail chaighdeánaithe é an DPRT Nua – *Drumcondra Primary Reading Test* i léitheoireacht an Bhéarla do dhaltá i mbunscoileanna in Éirinn. Tá an t-ábhar bunaithe ar Churaclam Béarla na Bunscoile 1999 (ROS/CNCM 1999), nuair is cuí, agus ar Churaclam Teanga na Bunscoile (ROS/CNCM 2015a; ROS/CNCM 2018a).

Rinneadh an DPRT nua a chaighdeánú in 2018, agus tá sé i gceist go dtiocfaidh sé in ionad Triail Léitheoireachta Bunscoile Dhroim Conrach - Athbhreithnithe (DPRT-R), a caighdeánaíodh i 2006. Tá sé Leibhéal den DPRT Nua ar fáil i bhformáid páipéir: Leibhéal 1 go 6 (Rang a 1 go 6). Tá Leibhéal 3 go 6 ar fáil freisin trí ardán ríomhaire-bhunaithe an FTO, ERC DOTS (Córas Tástála Ar Líne Dhroim Conrach). Do thástálacha páipéir, tá dhá leagan comhthreomhara ar fáil ag gach Leibhéal, Foirm A agus Foirm B. Maidir le tástálacha ríomhaire-bhunaithe (TRB), tá Foirm C breise ar fáil.

Rinneadh an DPRT Nua a chaighdeánú san earrach/samhradh, agus dá bhrí sin tá sé deartha le húsáid i dtreo dheireadh na scoilbhliana. Léiríonn an tábla thíos Leibhéal an DPRT Nua ba chóir a riar ag gach rang leibhéal.

Leibhéal Ranga	Leibhéal na Trialach	Noirm	Leaganacha Páipéir	Foirmeacha TRB	Am (go neasach)
Deireadh Rang 1	1	Earrach	A & B	n/b	~90 nóim
Deireadh Rang 2	2	Earrach	A & B	n/b	~85 nóim
Deireadh Rang 3	3	Earrach	A & B	A, B & C	~100 nóim
Deireadh Rang 4	4	Earrach	A & B	A, B & C	~100 nóim
Deireadh Rang 5	5	Earrach	A & B	A, B & C	~100 nóim
Deireadh Rang 6	6	Earrach	A & B	A, B & C	~100 nóim

- Ag Leibhéal 1 agus 2, déanann na daltaí a bhfreagraí a mharcáil ar an leabhrán tástála. Ag Leibhéal 3–6, is féidir na leabhráin a athúsáid, agus déanann na daltaí a bhfreagraí a mharcáil ar bhileog freagraí. Úsáidtear an bhileog freagraí céanna don DPRT (léamh) agus don DPMT (matamaitic) agus ní bhíonn gá ag daltaí ach le **bileog freagraí amháin don dá thriail**. Tá an rogha ar fáil na bileoga freagraí seo a chur isteach chuig ár n-oifigí don cheartú (féach leathanaigh 13 go 14).



- Caithear Leibhéal 1 agus 2 a riaradh ar leithligh, agus ní féidir iad a riar i gcomhar le haon Leibhéal eile den triail. Is féidir Leibhéal 3–6 a riar ag an am céanna toisc go n-úsáidtear na teoracha, an fhormaid agus na teorainneacha ama céanna. Tugann sé seo deis do mhúinteoirí ranganna ilghrád Leibhéal 3–6 a riar ar roinnt ranganna ag an am céanna.
- Is triail scagtha é Leibhéal 1: is é a phríomhchuspóir ná daltaí a d'fhéadfadh a

bheith i mbaol deacrachtaí léitheoireachta a aithint. Tá ábhar na trialach i dtrí chatagóir: Anailís Focal; Foclóir; agus Tuiscint. Tugann an triail scór caighdeánach agus tuairisc critéar-thagartha critéar don Léitheoireacht Iomlán, agus is féidir miondealú ar scóir a ghiniúint do gach fothriail.

- Áirítear ceisteanna foclóra, léamhthuiscint agus sleachta tuisceana i Leibhéal 2. Is féidir scóir chaighdeánaithe, scóir Sten agus orduithe peircintíle a ghiniúint don Léitheoireacht Iomlán, agus do na fothrialacha Foclóir agus Tuiscint. Is féidir foscálaí breise a ghiniúint bunaithe ar Thuiscint Leibhéal-Abairte agus ar Thuiscint Leibhéal -Dréachta.
- Áirítear ceisteanna foclóra agus sleachta tuisceana i Leibhéal 3–6. Is féidir scóir chaighdeánaithe, scóir Sten agus orduithe peircintíle a ghiniúint don Léitheoireacht Iomlán, agus do na fothrialacha Foclóir agus Tuiscint. Is féidir foscálaí breise a ghiniúint bunaithe ar an gCineál Téacs (Líeartha; Faisnéiseach) agus ar an bPróiseas Tuisceana (Aisghabháil & Tátal; Léirmhíniú & Meastóireacht).

DPRT NUA–TRIAL MATHAMAITICE BUNSCOILE DHROIM CONRACH (BÉARLA & GAEILGE)

Is triail chaighdeánaithe é an DPMT Nua – *Drumcondra Primary Mathematics Test* ar ghnóthachtáil sa Mhatamaitic do dhaltáí i mbunscoileanna in Éirinn. Tá an t-ábhar bunaithe ar Churaclam Matamaitice na Bunscoile 1999 (ROS/CNCM 1999).

Rinneadh an DPMT nua a chaighdeánú in 2018, agus tiocfaidh sé in ionad Triail Matamaitice Bunscoile Dhroim Conrach - Athbhreithnithe (DPRT-R), a chaighdeánaíodh i 2005 agus 2006. Tá sé Leibhéal den DPMT Nua i bhformáid páipéir: Leibhéil 1 go 6 (Rang a 1 go 6). Tá Leibhéil 3 go 6 ar fáil trí ardán ríomhaire-bhunaithe an FTO, ERC DOTS (Córas Tástála Ar Líne Dhroim Conrach). Do thástálacha páipéir, tá dhá leagan comhthreomhara ag gach Leibhéal, Foirm A agus Foirm B. Maidir le tástálacha ríomhaire-bhunaithe (TRB), tá Foirm C breise ar fáil.

Rinneadh an DPMT Nua a chaighdeánú san earrach/samhradh. Tá sé deartha le húsáid i dtreo dheireadh na scoilbhliana. Léiríonn an tábla Leibhéal an DPRT Nua atá le riar ag gach leibhéal.

Leibhéal Ranga	Leibhéal na Trialach	Noirm	Leaganacha Páipéir	Foirmeacha TRB	Am (go neasach)
Deireadh Rang 1	1	Earrach	A & B	n/b	~80 nóim
Deireadh Rang 2	2	Earrach	A & B	n/b	~85 nóim
Deireadh Rang 3	3	Earrach	A & B	A, B & C	~100 nóim
Deireadh Rang 4	4	Earrach	A & B	A, B & C	~100 nóim
Deireadh Rang 5	5	Earrach	A & B	A, B & C	~100 nóim
Deireadh Rang 6	6	Earrach	A & B	A, B & C	~100 nóim

- Ag Leibhéil 1 agus 2, déanann daltaí freagraí a mharcáil ar an leabhrán tástála. Ag Leibhéil 3–6, is féidir na leabhráin a athúsáid, agus déantar freagraí a mharcáil ar bhileog freagraí. Úsáidtear an bhileog freagraí céanna don DPRT (léamh) agus don DPMT (matamaitic) agus níl gá ag daltaí ach le **bileog freagraí amháin don dá thriail**. Tá an rogha ar fáil na bileoga freagraí seo a chur isteach chuig ár n-oifigí don cheartú (féach leathanaigh 13 go 14).
- Caithear Leibhéil 1 agus 2 a riaradh ar leithligh, agus ní féidir iad a riar i gcomhar le haon Leibhéal eile den triail. Is féidir Leibhéil 3–6 a riar ag an am céanna toisc go n-úsáidtear na

teoracha, an fhormaid agus na teorainneacha ama céanna. Tugann sé seo deis do mhúinteoirí ranganna ilghrád Leibhéal 3–6 a riar ar roinnt ranganna ag an am céanna.

- Is triail scagtha é Leibhéal 1: an príomhchuspóir ná daltaí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol deacrachtaí léitheoireachta a aithint. Tugann an triail scór caighdeánach agus tuairisc critéar-thagartha critéar don Mhatamaitic Iomlán, agus is féidir miondealú ar scóir a ghiniúint do na réimsí éagsúla 'Uimhreas/Ailgéabar', 'Tomhais' agus 'Cruth & Spás/Sonraí'.
- Tugann Leibhéal 2–6 den triail scóir chaighdeánaithe, scóir Sten agus is féidir orduithe peircintíle a ghiniúint don Mhatamaitic Iomlán, agus do na fothrialacha 'Uimhreas/Ailgéabar', 'Tomhais' agus 'Cruth & Spás/Sonraí' mar aon leis na scileanna.
- Áirítear ceisteanna foclóra agus sleachta tuisceana i Leibhéal 3–6. Is féidir scóir chaighdeánaithe, scóir Sten agus orduithe peircintíle a ghiniúint don Léitheoireacht Iomlán, agus do na fothrialacha Foclóir agus Tuisceant. Is féidir foscálaí breise a ghiniúint bunaithe ar an gCineál Téacs (Líeartha; Faisnéiseach) agus ar an bPróiseas Tuisceana (Aisghabháil & Tátal; Léirmhíniú & Meastóireacht).
- Ag Leibhéal 4, 5 agus 6, caithfear Cuid A den triail a chríochnú gan áireamhán a úsáid. Féadfaidh daltaí áireamhán a úsáid do Chuid B, más mian leo. Caithfear Leibhéal 1, 2 agus 3 a chomhlánú go hiomlán gan áireamhán.

DPST NUA - TRIAIL LITRITHE DHROIM CONRACH DO BHUNSCOILEANNA (I MBÉARLA)

Tá an *Drumcondra Primary Spelling Test* (DPST) deartha le riaradh ar dhaltaí ó Rang 1 go Rang 6. Is triail bunscoile ar litriú Béarla é seo. Tabhair aird nach féidir ach foirm amháin, A nó B, a riar le linn seisiún tástála. Tá dhá leagan den triail ag gach leibhéal: Foirm A agus Foirm B. Tógann sé 45-50 nóiméad an DPST a riaradh. Tá noirm ar fáil do thástáil an earraigh amháin.

An Raon Trialacha Litrithe Dhroim Conrach		
Leibhéal Ranga	Leibhéal DPST	Leaganacha*
Deireadh Rang 1	1	A & B
Deireadh Rang 2	2	A & B
Deireadh Rang 3	3	A & B
Deireadh Rang 4	4	A & B
Deireadh Rang 5	5	A & B
Deireadh Rang 6	6	A & B

*Ní féidir ach foirm amháin den triail, A nó B, a riaradh le linn seisiún tástála.

Cuimsíonn an DPST trí chineál míre: litriú focal, ina n-iarrtar ar an dalta focail a ghlaonn an múinteoir amach a litriú; críochnú abairte nó scéil, ina n-iarrtar ar an dalta na focail atá in easnamh a scríobh amach i dtéacs a léann an múinteoir os ard; agus aimsiú earráidí ('botúin') ina n-iarrtar ar an dalta earráidí litrithe coitianta a aithint i ngach ceann de roinnt abairtí, agus na litrithe cearta a scríobh amach. Ag Leibhéal 1, tugtar léaráidí do dhaltaí a bhaineann le roinnt focal a iarrtar orthu a litriú, agus ní iarrtar orthu an tasc a bhaineann le haimsiú earráidí a dhéanamh.

Roghnaíodh an t-ábhar don Drumcondra Primary Spelling Test go cúramach chun focail ar dócha go dtiocfadh daltaí orthu le linn teagasc na léitheoireachta, litrithe nó scríbhneoireachta ar scoil, mar aon le focail a mbaintear an-úsáid astu (focail ardmhnicíochta) a chur san áireamh.

Rinneadh an DPST a chaighdeánú ar shampla ionadaíoch náisiúnta de thart ar 2,000 dalta ag gach leibhéal ranga (Rang 1 go Rang a 6). Is féidir scóir na dtrialacha a thuairisciú i dtéarmaí scóir amh, scóir chaighdeánaithe, scóir Sten agus orduithe peircintíle. Ina theannta sin, b'fhéidir gur mhaith le múinteoirí an scála uile-thástála a úsáid chun dul chun cinn daltaí a rianú ó bhliain go bliain, agus iad ag críochnú Leibhéal 3–6 den tástáil. Cuirtear moltaí ar fáil sa lámhleabhar freisin maidir le litriú a theagasc do dhaltaí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu sa réimse seo.

TRIAIL GHAELIGE DHROIM CONRACH DO BHUNSCOILEANNA RIALTA (TGD-R)

Is triail chaighdeánach ar ghnóthachtáil sa Ghaeilge í *Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Scoileanna Rialta* (TGD-R) ar féidir í a riar ar ghrúpaí. Tá ábhar na trialach bunaithe ar Churaclam na Bunscoile – Gaeilge (1999). Is ionann 'Scoileanna Rialta' i gcomhthéacs na dtrialacha seo agus bunscoileanna ina ndéantar an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar, seachas an Ghaeilge a bheith mar ghnáth-theanga cumarsáide agus teagasc iontu. Tá trialacha ar leith ar fáil do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, agus dá bhrí sin baineann na noirm sna trialacha seo (TGD-R) le scoileanna rialta amháin.

Trí leibhéal atá sa triail TGD-R agus iad seo ag freastal ar dhaltaí ó Rang a Dó go dtí Rang a Sé. Tá dhá fhoirm (A agus B) ar fáil don triail ag gach leibhéal. Léirítear sa tábla leibhéil na trialach a oireann do na leibhéil ranga seo.

Déanann na daltaí a bhfreagraí a mharcáil sna leabhráin.

Déantar measúnú ar dhá ghné den Ghaeilge ag gach Leibhéal: Léitheoireacht agus Éisteacht. Is féidir iad a riaradh ar laethanta leantacha. Tógann sé uair a chloig chun an triail sa léitheoireacht a riar. Tógann sé timpeall 45 nóiméid chun an triail éisteachta a riar.

Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Rialta – Raon na Trialach

Rang**	Leibhéal	Foirm*
Deireadh Rang 2 (End of 2nd)	1	A & B
Deireadh Rang 3 (End of 3rd)	2	A & B
Deireadh Rang 4 (End of 4th)	2	A & B
Deireadh Rang 5 (End of 5th)	3	A & B
Deireadh Rang 6 (End of 6th)	3	A & B

**Is féidir foirmeacha A agus B a riar ag an am céanna / Forms A and B can be administered together.*

***Noirm don earrach amháin / Spring Norms only*

TRIALACHA LUATH-LITEARTHACHTA DHROIM CONRACH (I MBÉARLA) –

Triail Scagtha (DTEL-S) agus Triail Dhiagnóiseach (DTEL-D)



Cruthaíodh na *Drumcondra Tests of Early Literacy* (DTEL) mar fhreagairt ar iarratais do thrialacha scagtha agus diagnóiseacha a d'fhéadfaí a úsáid le léitheoirí éiritheacha, go sonrach iad siúd ag deireadh na Naíonán Sinsear agus ag tús Rang a hAon, a raibh roinnt deacrachtaí acu le foghlaim na léitheoireachta. Tá dea-chleachtas idirnáisiúnta i measúnú na luath-léitheoireachta in úsáid chun uirlisí a sholáthar a oireann do chomhthéacs na hÉireann. Féadann an DTEL breathnóireachtaí agus measúnuithe múinteoirí ar fheidhmíocht linbh a chomhlánú agus cur leis an dtuiscint ar dheacrachtaí áirithe. Tá sé mar aidhm aige faisnéis a sholáthar faoi dheacrachtaí litearthachta leanaí óga ionas gur féidir an teagasc a fheabhsú.

Tá an DTEL-S (*Triail Luath-Litearthachta Dhroim Conrach – Scagadh*) deartha le húsáid le leanaí ag deireadh Naíonán Sinsearach nó ag tús Rang a hAon. Is é aidhm na tástála daltaí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol deacrachtaí léitheoireachta a aithint ionas gur féidir, más gá, tuilleadh measúnaithe diagnóiseacha agus treoir spriocdhírthe a fheidhmiú. Tá an DTEL-S roinnte ina cheithre chuid agus déanann sé dhá ghné den léitheoireacht a mheas: aithint focal agus tuiscint. Tá an triail oiriúnach le húsáid le grúpaí de sheisear go deichniúr leanaí agus tógann sé thart ar 40 nóiméad í a riar.

Tá an DTEL-D (*Triail Luath-Litearthachta Dhroim Conrach – Diagnóis*) deartha le húsáid le leanaí go mb'fhéidir go bhfuil deacracht léitheoireachta acu agus déantar é a riar go haonair. Moltar an DTEL-D a riar le leanaí a bhfuil scóir ísle gnóthaithe acu sa Triail Scagtha, an DTEL-S. Déanann an DTEL-D sainscileanna léitheoireachta agus scileanna léitheoireachta-ábhartha a aithint lena bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag leanaí leo. Tógann an tástáil suas le 45 nóiméad le críochnú. Tá an DTEL-D roinnte ina thrí chuid: Feasacht Fóineolaíochta; Cuimhne Oibre Fóineolaíochta; agus Eolas ar Litreacha agus ar Fhuaimeanna Litreacha.


Príomhthréithe:

- Oireann an **Triail Scagtha** do dhaltaí ag deireadh Naíonáin Shinsear nó tús Rang 1.
- Chun an Triail Scagtha a riar, tá gá leis na rudaí seo a leanas: an Lámhleabhar Riaracháin agus Teicniúil DTEL agus cóip amháin den Leabhrán DTEL-S (dar teideal 'Pictures and Words 1') do gach dalta atá le tástáil.
- Is féidir an tástáil, a sholáthraíonn tomhas ginearálta ar fheidhmíocht luath-léitheoireachta, a riar ar ghrúpaí de 6 go 10 dalta. Tógann sé thart ar 40 nóiméad é a riar.
- Is féidir an **Triail Diagnóiseach** a riaradh ar dhaltaí má léiríonn a scóir ar an Triail Scagtha gur gá tuilleadh tástála a dhéanamh. Tógann sé thart ar 45 nóiméad.
- Chun an Triail Diagnóiseach a riar, tá gá leo seo a leanas: Lámhleabhar Riaracháin agus Teicniúil DTEL, Leabhrán Léirithe DTEL-D (dar teideal 'Pictures and Words 2') agus cóip amháin den Leabhrán Scórála DTEL-D do gach dalta atá le tástáil.
- Is féidir Leabhrán Riaracháin agus Teicniúil an DTEL agus Leabhrán Léirithe an DTEL-D a athúsáid.

- Ní féidir Leabhrán Trialach an DTEL-S ná Leabhrán Scórála an DTEL-D a athúsáid.

TRIALACHA LUATH- UIMHEARTHACHTA DHROIM CONRACH (I MBÉARLA) –

Triail Scagtha (DTEN-S) agus Triail Dhiagnóiseach(DTEN-D)



Cruthaíodh na DTEN - *Drumcondra Tests of Early Numeracy* mar fhreagairt ar iarratais do thrialacha scagtha agus diagnóiseacha ad' fhéadfaí a úsáid le leanaí óga, go sonrach iad siúd ag deireadh na Naíonán Sinsear agus ag tús Rang a hAon, a raibh roinnt deacrachtaí acu coincheapa uimhearthachta bunúsacha a ghnóthú. Tá dea-chleachtas idirnáisiúnta i measúnú na huimhearthachta in úsáid chun uirlisí a sholáthar a oireann do chomhthéacs na hÉireann. Féadann an DTEN breathnóireachtaí agus measúnuithe múinteoirí ar fheidhmíocht linbh a chomhlánú agus cur leis an dtuiscint ar dheacrachtaí áirithe. Tá sé mar aidhm aige faisnéis a sholáthar chun láidreachtaí agus laigí daltaí a chur san áireamh nuair a bhítear ag pleanáil chun teagasc breise a dhearadh.

Tá an DTEN-S (*Triail Luath-Uimhearthachta Dhroim Conrach – Scagadh*) deartha chun daltaí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol deacrachtaí uimhearthachta a aithint ionas gur féidir, más gá, tuilleadh measúnaithe diagnóiseacha agus treoir spriocdhírithé a fheidhmiú. Tá an DTEN-S roinnte i dtrí chuid: réamhuimhir; uimhriú; agus suimiú agus dealú. Tá an triail oiriúnach le húsáid le grúpaí de sheisear go deichniúr leanaí agus tógann sé timpeall 40 nóiméad í a riar.

Tá an DTEN-D (*Triail Luath-Uimhearthachta Dhroim Conrach – Diagnóis*) deartha le húsáid le leanaí go mb'fhéidir go bhfuil deacracht uimhearthachta acu. Moltar an DTEN-D a riar ar leanaí a bhfuil scóir ísle bainte amach acu sa Triail Scagtha DTEN. Is é cuspóir an DTEN-D sainghnéithe uimhearthachta a aithint a bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag leanaí leo. Déantar an triail a riar go haonair agus tógann sé thart ar 45 nóiméad. Tá an DTEN-D roinnte ina 15 tasc a dháiltear thar na trí réimse réamhuimhir, uimhriú agus suimiú agus dealú.

Príomhthréithe:

- Oireann an **Triail Scagtha** do dhaltaí ag deireadh Naíonáin Shinsear nó tús Rang a hAon. Soláthraíonn sé tomhas ginearálta ar an luath-uimhearthacht. Is féidir é a riar ar ghrúpaí de 6 go 10 dalta. Tógann sé thart ar 40 nóiméad é a riar
- Chun an Triail Scagtha a riar, tá gá leis na rudaí seo a leanas: an Lámhleabhar Riaracháin agus Teicniúil DTEN agus cóip amháin den Leabhrán DTEN-S (dar teideal 'Numbers and Shapes Booklet 1') do gach dalta atá le tástáil.
- Is féidir an **Triail Diagnóiseach** a riaradh ar dhaltaí má léiríonn a scóir ar an Triail Scagtha gur gá tuilleadh tástála a dhéanamh. Déantar é a riaradh go haonair. Tógann an triail thart ar 45 nóiméad.
- Chun an Triail Diagnóiseach a riar, tá gá leo seo a leanas: Lámhleabhar Riaracháin agus Teicniúil DTEN, Leabhrán Léirithe DTEL-D (dar teideal 'Numbers and Shapes 2') Pacáiste Ábhar agus cóip den Leabhrán Scórála DTEL-D do gach dalta atá le tástáil.

- Is féidir Leabhrán Riaracháin agus Teicniúil an DTEL agus Leabhrán Léirithe an DTEL-D a athúsáid.
- Is féidir Leabhrán Riaracháin agus Teicniúil an DTEN agus Leabhrán Léirithe an DTEN-D ('Numbers and Shapes Booklet 2') agus an Pacáiste Ábhar a athúsáid.
- Ní féidir Leabhrán Trialach an DTEN-S ('Numbers and Shapes Booklet 1') ná an Taifead Scórála an DTEN-D a athúsáid.

TRIAIL GHAEILGE DHROIM CONRACH DO BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA AGUS LÁN-GHAEILGE (TGD-G)

Is triail chaighdeánach ar ghnóthachtáil sa Ghaeilge í Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge (TGD-G) ar féidir í a riar ar ghrúpaí. Tá ábhar na trialach bunaithe ar Churaclam na Bunscoile – Gaeilge (1999). Triail í seo do dhaltaí i mbunscoileanna Gaeltachta agus i mbunscoileanna lán-Ghaeilge agus is í seo an chéad uair a cuireadh triail ar fáil bunaithe ar na caighdeáin atá sna bunscoileanna sin amháin a mbíonn an Ghaeilge mar mheán teagaisc agus foghlama acu. Dá bhrí sin ní bhaineann na noirm ach le daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge.

Ceithre leibhéal atá sa triail TGD-G agus iad seo ag freastal ar dhaltaí ó ranganna na Naíonán Sinsir go dtí Rang a Sé. Tá dhá fhoirm (A agus B) ar fáil don triail ag gach leibhéal. Is féidir na trialacha seo a riar ag tús na scoilbhliana toisc go bhfuil fáil ar noirm don dá thréimhse sin Léirítear sa tábla leibhéil a oireann don thréimhse bliana in ndéantar na trialacha a riar.

Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge – Raon na Trialach

Rang	Leibhéal	Foirm*
Deireadh Naíonáin Shinsir / Tús Rang 1	1	A & B
Deireadh Rang 1 / Tús Rang 2	2	A & B
Deireadh Rang 2 / Tús Rang 3	2	A & B
Deireadh Rang 3 / Tús Rang 4	3	A & B
Deireadh Rang 4 / Tús Rang 5	3	A & B
Deireadh Rang 5 / Tús Rang 6	4	A & B
Deireadh Rang 6	4	A & B

**Is féidir foirmeacha A agus B a riar ag an am céanna.*

Ag Leibhéal 1–3, déantar measúnú ar dhá ghné den Ghaeilge – Léitheoireacht agus Éisteacht. Ag Leibhéal 4, déantar measúnú ar thrí ghné – Léitheoireacht, Sscríbhneoireacht (litríú agus profáil) agus Éisteacht. Ag gach leibhéal, tógann sé timpeall uair a chloig an triail sa Léitheoireacht a riar agus idir 30 agus 45 nóiméid an triail san Éisteacht a riar. Ag Leibhéal 4, tógann sé thart ar 30 nóiméid sa bhreis an triail sa scríbhneoireacht a riar.




Cé gur ceisteanna ilroghnacha amháin a úsáidtear ag Leibhéal 1–3, baintear úsáid as ceisteanna ilroghnacha agus ceisteanna le freagraí comhthógtha ag Leibhéal 4. Is ar na leabhráin a chláraíonn daltaí a bhfreagraí ag gach leibhéal.

DPPT-LÉAMH - TRIAIL LITEARTHACHTA LÉITHEOIREACHT BHÉARLA DHROIM CONRACH D'IAR-BHUNSCOILEANNA (I MBÉARLA)

Do dheireadh Bhliain 2

Forbraíodh an DPPT-Léamh mar fhreagairt ar ghá dá leithéid a d'aithin an ROS sa 'Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú 2011-2020'. Tá an DPPT-Léamh bunaithe ar shiollabas Béarla réamh-2014 an Teastais Shóisearaigh agus tá dea-chleachtas idirnáisiúnta i measúnú na léitheoireachta in úsáid a oireann do chomhthéacs na hÉireann. Díríonn an triail ar bhreithnithe agus measúnuithe múinteoirí ar fheidhmíocht scoláire a chomhlánú. Tugann sé treoir ar láidreachtaí, agus ar na cineálacha deacrachtaí atá ag scoláirí. Is féidir lena leithéid d'eolas tacú le planáil agus le foghlaim éifeachtach.



Tá an DPPT-Léamh ar fáil ag dhá leibhéal chun dúshlán cuí a thabhairt do scoláirí a bhfuil leibhéal cumais éagsúla acu. Tá Foirm A den triail deartha do scoláirí ar dócha go mbeidh scrúdú Béarla an Teastais Shóisearaigh á dhéanamh acu ag an nGnáthleibhéal nó ag an mBonnleibhéal. Tá Foirm B deartha do scoláirí ar dócha go mbeidh an scrúdú Béarla á dhéanamh acu ag an Ardleibhéal. Go praiticiúil, is féidir aon cheann den dá thriail a úsáid, ach i gcás na scoláirí gnóthachtála an-íseal (ar cheart dóibh Foirm A a chomhlánú) agus na scoláirí gnóthachtála an-ard (ar cheart dóibh Foirm B a chomhlánú).

Is féidir an DPPT-Léamh a riar ar rang nó ar bhliainghrúpaí, agus tógann sé thart ar 70 nóiméad é a riar. Áirítear leis seo an t-am chun ábhair a dháileadh agus a bhailiú agus faisnéis aitheantais a chomhlánú, mar aon leis an am tástála féin. Is féidir Foirm A agus Foirm B a riar le chéile. Leanann gach Ceist ar an DPPT-Léamh formáid ilrogha.

Réimse	Lítearthacht Léitheoireachta
Bunaithe	Siollabais Bhéarla na Sraithe Sóisearaí
Formáid	Ilrogha
Foirmeacha	A (níos éasca) agus B (níos deacra)
Am Riaracháin	70 nóiméad
Formáid Riaracháin	Grúpaí móra nó beaga
Scóráil & Tuairisciú	Leictreonach
Foscálaí a Thuairiscítear	Leanúnach, Neamh-leanúnach, Rochtain & Athghabháil, Comhtháthú & Meastóireacht

Cuimsíonn gach leagan den DPPT-Read 36 mír foclóra léitheoireachta, agus 40 mír léamhthuisceana. Dá réir sin, iarrtar ar scoláirí freagra a thabhairt ar 76 earra ar fad. Tá na míreanna tuisceana bunaithe ar cheithre théacs, agus leanann 10 mír gach ceann acu. Tá an

scála léitheoireachta foriomlán comhdhéanta de roinnt foscálaí forluiteacha lena n-áirítear ‘Foclóir Léitheoireachta’, ‘Léamhthuisct’, ‘Téacsanna Leanúnacha’, ‘Téacsanna Neamh-Leanúnacha’, ‘Rochtain & Athghabháil’ agus ‘Comhtháthú & Meastóireacht’.

Déantar an DPPT-Read ar bhileog freagraí ar féidir le meaisín san Foras Taighde ar Oideachas í a scóráil. Úsáidtear an bhileog freagraí céanna don DPPT-Léamh agus don DPPT-Maths. Níl gá ag scoláirí ach le **bileog freagraí amháin don dá thriail**. Is féidir bileoga freagraí a chur ar ais chuig an FTO lena scóráil (féach leathanaigh 13 go 15). Ansin cuirfidh an FTO tuairiscí chuig scoileanna a chuimsíonn scóir fhoriomlána agus scóir fhoscála.

DPPT-MATA - TRIAIL MATAMAITICE DHROIM CONRACH D’IAR- BHUNSCOILEANNA (LEAGAN BÉARLA)

Do dheireadh Bhliain 2

Forbraíodh an DPPT-Mata mar fhreagairt ar ghá dá leithéid a d’aithin an ROS sa ‘Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú 2011-2020’. Tá an DPPT-Mata bunaithe ar shiollabas Tionscadail Mata an Teastais Shóisearaigh agus tá dea-chleachtas idirnáisiúnta i measúnú na matamaitice in úsáid a oireann do chomhthéacs na hÉireann. Díríonn an triail ar bhreithnithe agus measúnuithe múinteoirí ar fheidhmíocht scoláire a chomhlánú. Tugann sé treoir ar láidreachtaí, agus ar na cineálacha deacrachtaí atá ag scoláirí. Is féidir lena leithéid d’eolas tacú le pleanáil agus le foghlaim éifeachtach.


Tá an DPPT-Mata ar fáil ag dhá leibhéal chun dúshlán cuí a thabhairt do scoláirí a bhfuil leibhéil cumais éagsúla acu. Tá Foirm A den triail deartha do scoláirí ar dócha go mbeidh scrúdú Mata an Teastais Shóisearaigh á dhéanamh acu ag an nGnáthleibhéal nó ag an mBonnleibhéal. Tá Foirm B deartha do scoláirí ar dócha go mbeidh an scrúdú Mata á dhéanamh acu ag an Ardleibhéal. Go praiticiúil, is féidir aon cheann den dá thriail a úsáid, ach i gcás na scoláirí gnóthachtála an-íseal (ar cheart dóibh Foirm A a chomhlánú) agus na scoláirí gnóthachtála an-ard (ar cheart dóibh Foirm B a chomhlánú).

Is féidir an DPPT-Mata a riar ar rang nó ar bhliainghrúpaí, agus tógann sé thart ar 70 nóiméad é a riar. Áirítear leis seo an t-am chun ábhair a dháileadh agus a bhailiú agus faisnéis aitheantais a chomhlánú, mar aon leis an am tástála féin. Is féidir Foirm A agus Foirm B a riar le chéile. Leanann gach Ceist ar an DPPT-Mata formáid ilrogha.

Réimse	Matamaitic
Bunaithe	Siollabais Thionscadal Mata
Formáid	Ilrogha
Foirmeacha	A (níos éasca) agus B (níos deacra)
Am Riaracháin	70 nóiméad
Formáid Riaracháin	Grúpaí móra nó beaga
Scóráil & Tuairisciú	Leictreonach
Foscálaí a Thuairiscítear	Staitisticí & Dóchúlacht; Céimseata & Triantánacht; Uimhir & Tomhais; Ailgéabar & Feidhmeanna

Cuimsíonn gach leagan den DPPT-Mata 45 mír lena n-áirítear 16 earra coitianta. Chun cur chuige agus siollabas Tionscadail Mata a leanúint, tá dhá phríomhréimse sa chreat measúnaithe don triail chun feidhmíocht scoláirí a thuairisciú - 'Ábhar Matamaitice' agus 'Scileanna Próiseála Cognaíocha'. Tá míreanna na trialach do 'Ábhar Matamaitice' eagraithe i snáitheanna lena n-áirítear: (i) Staitisticí & Dóchúlacht; (ii) Céimseata & Triantánacht; (iii) Uimhreas & Tomhais; (iv) Ailgéabar & Feidhmeanna (Cuireadh Ailgéabar & Feidhmeanna le chéile don triail). Déantar dhá bhraisle leathan na scileanna próisis a mheas agus a thuairisciú. Is iad sin: 'Athghairm & Cur i bhFeidhm' agus 'Réasúnaíocht & Réiteach Fadhbanna'.

Déantar an DPPT-Mata ar bhileog freagraí ar féidir le meaisín san Foras Taighde ar Oideachas í a scóráil. Úsáidtear an bhileog freagraí céanna don DPPT-Mata agus don DPPT-Léamh. Níl gá ag scoláirí ach le **bileog freagraí amháin don dá thriail**. Is féidir bileoga freagraí a chur ar ais chuig an FTO lena scóráil (féach leathanaigh 13 go 14). Ansin cuirfidh an FTO tuairiscí chuig scoileanna a chuimsíonn scóir fhoriomlána agus scóir fhoscála.



DRT – TRIAIL RÉASÚNAÍOCHT DHROIM CONRACH

Do scoláirí atá ag teacht isteach sa Chéad Bhliain Iar-Bhunscoile

Is triail inniúlachta atá sa Drumcondra Reasoning Test (DRT), a forbraíodh in Éirinn, le húsáid i scoileanna na hÉireann. Tá an triail dírithe ar scoláirí atá ag aistriú go dtí an iar-bhunscoil, agus ar scoláirí na chéad bhliana san iar-bhunscoil. Rinneadh an triail a athbhreithniú agus a ath-noirmiú i 2016.

Is triail grúpa-riartha ar scileanna cognaíocha é an DRT, atá roinnte ina dhá fhothriail, Réasúnaíocht Bhriathartha agus Cumas Uimhearhachta. Déanann **Réasúnaíocht Bhriathartha** measúnú ar chumas scoláirí tuiscint, smaoineamh agus réasúnaíocht i bhfocail agus le focail. Cuireann ceithre chineál míreanna leis an bhfothriail Réasúnaíocht Bhriathartha: Comhchiallaigh, Ranguithe, Analaí agus Frithchiallaigh. **Éilíonn Cumas Uimhearhachta** ar an scoláire réasúnaíocht a dhéanamh le huimhreacha agus gaoil uimhriúla a ionramháil, agus baintear úsáid as ceithre chineál míreanna chun é seo a mheas: Oibríochtaí le hUimhreacha, Gaoil i measc Uimhreacha, Ordú Seicheamhach, agus Astarraingtí Uimhriúla.

Rinneadh an DRT a chaighdeánú ar shamplaí ionadaíocha náisiúnta de níos mó ná 6,000 scoláire a bhí cláraithe sna spriocghráid i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna na hÉireann in 2016. Tá sé i gceist anois go ndéanfaí an DRT a sheachadadh ar Chóras Tástála Ar Líne Dhroim Conrach an FTO (DOTS), agus tá cúig Fhoirm chomhthreomhara den triail ar fáil ar an ardán sin. Is féidir, áfach, Foirm amháin a fháil ar pháipéar. Is féidir comparáidí a dhéanamh idir na torthaí ó na leaganacha digiteacha agus páipéir, rud a chiallaíonn gur féidir le scoileanna tástáil a dhéanamh trí mheascán de thástálacha digiteacha agus páipéir a úsáid, más mian leo.

Tógann sé thart ar 1½ uair an leagan páipéir den triail a riar (tá an t-am riaracháin iomlán don leagan digiteach beagán níos giorra). Caithfear an triail pháipéir a riar ag úsáid bileoga freagraí meaisín-scórála a scóráiltear ina dhiaidh sin ag an Foras Taighde ar Oideachas (féach leathanaigh 13 go 14).

Is féidir le haon mhúinteoir cáilithe riarachán an DRT a dhéanamh, le tacaíocht ó dhuine atá cáilithe go cuí le hoiliúint i riarachán agus léirmhíniú tástálacha síceolaíochta (m.sh. síceolaí, treoirchomhairleoir, srl). Ba chóir go mbainfí leas as comhairle daoine atá cáilithe go cuí freisin don léirmhíniú ar thorthaí na dtrialacha.

Summary Features of Drumcondra Reasoning Test (Paper version)				
Spriocghrád	Foirmeacha Comhthreormhara	Scóráil le Meaisín	Riaradh Ilghrád	Am (go neasach)
Réamh-Chéad Bhliain	X	✓	✓	~90 nóim
An Chéad Bhliain	X	✓	✓	~90 nóim

PPAD-E – MEASÚNÚ AGUS DIAGNÓIS IAR-BHUNSCOILE – BÉARLA

Is triail chaighdeánaithe nua ar litearthachta Bhéarla é an PPAD-E - Measúnú agus Diagnóis Iar-Bhunscoile le húsáid in iar-bhunscoileanna mar uirlis scagtha agus dhiagnóiseach chun scileanna litearthachta a mheas. D'fhorbair an Roinn Oideachais agus Scileanna an measúnú seo, tríd an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) i gcomhar leis an Foras Taighde Oideachais (FTO).

Rinneadh staidéar caighdeánaithe ina raibh sampla ionadaíoch de níos mó ná 1,700 scoláire na chéad bhliana sa bhfómhar 2019. Tá an triail ar fáil faoi láthair le riaradh ar scoláirí na chéad bhliana, ag baint úsáide as noirm an fhómhair. Mar thoradh ar obair ar an PPAD-E sa todhchaí is dócha go mbunófar noirm d'aoisghrúpaí agus do bhliainghrúpaí eile mar aon le leagan ar líne de roinnt codanna den triail.

Tá an triail:

- oiriúnach go cultúrtha agus curtha in oiriúint do chomhthéacs na hÉireann
- deartha le húsáid ag múinteoirí
- cabhrach chun deacrachtaí a scagadh (go háirithe do scoláirí na Chéad Bhliana)
- úsáideach do mheasúnú diagnóiseach, monatóireacht agus dul chun cinn a mheas
- cabhrach le haithint más gá tuilleadh measúnaithe a dhéanamh (m.sh. urlabhra agus teanga)
- cabhrach mar ionchuir i bpróisis RACE/ DARE/ Díolúintí ón nGaeilge
- úsáideach maidir le caighdeáin litearthachta a bhunú agus a athbhreithniú

Tá feidhmchlár bogearraí slán ag an PPAD-E a thiontaíonn scóir amh go scóir chaighdeánaithe agus a ghineann tuairiscí achomair grúpa agus aonair. Cuirfear raon moltaí ar fáil a thabharfaidh breac-chuntas ar idirghabhálacha SET fianaise-bhunaithe ar chuir chuige in-ranga taighde-bhailíochtaí bunaithe ar phróifílí scór scoláirí.

Tá na hidirghabhálacha agus na cineálacha cur chuige sa rang a mholtar bunaithe ar eagrán 2019 d'fhoilseachán SNSO, *Effective Interventions for Struggling Readers*, acmhainn ar líne a dearadh do scoileanna na hÉireann agus atá ar fáil saor in aisce.

Tá cúig fhotheideal sa phacáiste tástála iomlán:


Tá cúig fhotheideal sa phacáiste tástála iomlán:

- Léamh focal
- Litriú
- Luas léitheoireachta
- Tuiscint léitheoireachta
- Samplaí scríbhneoireachta.

Déantar gach ceann seachas an triail Léamh Focal a riar i ngrúpaí. (Déantar Léamh Focal a riar go haonair). Tá gá le huair an chloig chun an triail a riaradh, móide 3-4 nóiméad in chun an triail Léamh Focal a chur ar gach scoláire.

Rinneadh na trialacha a fhorbairt i leaganacha comhthreomhara (buí agus gorm), chun sonraí tástála / atástála a cheadú.

Beidh an PPAD-E ar fáil le hordú ag tosú i Mí Mheán Fómhair 2021.



SCÓRÁIL

Tá roinnt roghanna scórála ar fáil do thrialacha éagsúla. Is féidir le múinteoirí gach triail bhunscoile a scóráil go díreach le stionsal scórála nó leabhrán scórála. Do thástálacha ina mbíonn bileoga freagraí in úsáid, tá an tSeirbhís Meaisín-Scórála ar fáil, agus is clár ríomhaireachta é an Córas um Scóráil Trialacha do scoileanna a ligeann dóibh scóir a thaifeadadh agus tuarascálacha a ghiniúint do roinnt trialacha bunscoile.

AN TSEIRBHÍS MEAISÍN-SCÓRÁLA

Cuireann an Rannóg Tástála seirbhís meaisín-scórála ar fáil dóibh seo:

- DPRT – an triail léitheoireachta (Leibhéil 3–6) – €1.00 ar gach bileog a scóráiltear
- DPMT – an triail matamaitice (Leibhéil 3–6) – €1.00 ar gach bileog a scóráiltear
- DPPT – léitheoireacht agus matamaitic – do dheireadh na Dara Bliana – €2.00 ar gach bileog a scóráiltear (Léitheoireacht/Matamaitic le chéile)
- Triail Réasúnaíochta Dhroim Conrach – Níl aon chostas breise don scóráil

Cuirtear tuairiscí ar fáil d'úsáideoirí na seirbhíse meaisín-scórála a thugann achoimre ar fheidhmíocht gach dalta i rang nó i ngrúpa.

Ba chóir do scoileanna ar mian leo leas a bhaint as an tseirbhís meaisín-scórála a bheith san airdeall maidir leo seo a leanas:

- Caithfear freagraí a mharcáil ar na bileoga freagraí ag **úsáid peann luaidhe amháin**.
- Ba chóir do mhúinteoirí freagraí a sheiceáil sula gcuirtear iad chuig an Foras Taighde ar Oideachas lena chinntiú:
 - a. gur iontráladh faisnéis aitheantais na ndaltaí i gceart;
 - b. nach bhfuil aon mharcanna fánacha ar bhileog na bhfreagraí;
 - c. nach bhfuil ach freagra amháin do gach mír chomhlánaithe;
 - d. go bhfuil aon fhreagraí nach dteastaíonn scriosta go hiomlán (ní ghactar le marc 'x')
 - e. go bhfuil na sliotáin líonta go hiomlán.

Ní féidir bileoga freagraí ar a bhfuil faisnéis aitheantais neamhiomlán, nó ina bhfuil marcanna fánacha, nó sliotáin líonta go mícheart, a scóráil go leictreonach, agus cuirfear iad ar ais chuig scoileanna iad gan scóráil.

- Ba cheart go mbeadh an Fhoirm um Phróiseáil Faisnéise ábhartha ag gabháil le gach beartán bileog freagraí a chuirtear ar ais don mheaisín-scóráil. Ba chóir foirm próiseála ar leithligh a chomhlánú do gach rang a bhfuil tuairisc ag teastáil dó.
- Ba cheart deich lá oibre a cheadú chun bileoga freagraí a scóráil agus torthaí a thuairisciú.

Seolfar na torthaí ar ríomhphost chuig an seoladh a bhíonn tugtha ar an Foirm um Phróiseáil Faisnéise, agus seolfar na bileoga freagraí bunaidh a thagann ón scoil ar ais sa phost, mar aon le cóip chrua de na torthaí.

Tabhair aird go mbeidh ar scoileanna a úsáideann an tseirbhís seo comhaontú cosanta sonraí a shíniú sula seolfar ábhair chuig an FTO don scóráil. Déanfaidh an FTO teagmháil leis an scoil chun a leithéid a eagrú a luaithe a ordófar an tseirbhís seo.

CÓRAS SCÓRÁLA TRIALACHA BUNSCOILE NUA DHROIM CONRACH

Is clár ríomhaireachta é Córas Scórála Nua Trialacha Bunscoile Dhroim Conrach ar féidir le scoileanna é a úsáid chun scóir caighdeánaithe a ríomh agus tuairiscí a ghiniúint do na trialacha seo a leanas:

- DPRT Nua - Triail Léitheoireachta Bunscoile Dhroim Conrach (don Bhéarla)
- DPMT Nua - Triail Mhatamaitice Bunscoile Dhroim Conrach (leaganacha Gaeilge & Béarla)
- Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Scoileanna Rialta (ag teagasc trí mheán an Bhéarla)
- Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge

Is féidir na sonraí (scóir tástála) a bhaineann leis an gCóras Scórála a shuiteáil ar aon ríomhaire/ ríomhaire glúine ar leith, nó ar líonra na scoile. I ngach cás, is féidir leibhéal éagsúla rochtana (riarthóir, múinteoir) a dháileadh laistigh den Chóras.

Is féidir an Córas Scórála a úsáid chun scóir thástálacha amh na ndaltaí a ionchur, nó a bhfreagraí a ionchur ceist ar cheist, agus ansin scóir chaighdeánaithe, scóir Sten agus ordú peircintíle a ríomh. Is féidir na tuarascálacha seo a leanas a sholáthar freisin don Léitheoireacht, don Mhatamaitic agus don Ghaeilge.

- Tuairiscí Dalta Aonair a thugann achoimre ar fheidhmíocht thar roinnt blianta
- Tuairiscí Ranga a thugann achoimre ar fheidhmíocht gach dalta i rang le linn na scoilbhliana reatha, mar aon le meánfheidhmíocht ranga; don mhatamaitic, áirítear feidhmíocht ar réimsí ábhair agus scileanna próisis mar aon le feidhmíocht fhoriomlán; don léitheoireachta, tá feidhmíocht ar réimsí ábhair agus cineál téacs agus fo-aonaid phróisis san áireamh chomh maith le feidhmíocht fhoriomlán.
- Tuairisc Scoile a thugann achoimre ar fheidhmíocht gach dalta ag gach leibhéal ranga i scoil chomh maith le hachóimre trasna na ranganna.

Príomhthréithe:

- Is ceannachán **aon-uaire** é an Córas Scórála, a sholáthraítear ar ríomhphost, ar féidir é a shuiteáil ar iliomad ríomhairí más gá.
- Nuair a bhíonn bunachar sonraí an Chórais luchtaithe chuig freastalaí lárnach, is féidir le hiliomad úsáideoirí an Córas a rochtain.
- Is féidir an Córas a rochtain ag leibhéal Riarthóra nó Úsáideora (Múinteoir).
- Ní chuireann daltaí a aithnítear díolmhaithe le meáin ná le dáileadh na scóir Sten.
- Is féidir ainmneacha daltaí a iompórtáil (nó a easpórtáil) ar scarbhileog, ag úsáid taifid leictreonacha atá ar fáil cheana.
- Déantar feidhmíocht a léiriú go grafach ionas gur féidir le scoileanna feidhmíocht a léirmhíniú agus iad ag tagairt don ghnáthchuar teoiriciúil

Íosriachtanais:

Chun an Córas Tástála a úsáid, tá gá le ríomhaire deisce nó glúine, ar a laghad:

- a ritheann ar Windows XP (SP3), VISTA, Windows 7 nó Windows 10 agus a bhfuil 1 GB RAM ar a laghad aige, agus taifeach scáileáin 1024 X 768 ar a laghad

PRAGHASLIOSTA *(Samplaí ar fáil – déan tagairt don ordú)*

DPRT Nua don Léitheoireacht agus DPRM Nua don Mhatamaitic

Leabhráin na dTrialach (Leibhéil 1–6, pacaí de 5)	€10.00
Leabhráin Scórála (Leibhéil 1 and 2)	€5.00
Stionsail Scórála (Leibhéil 3–6)	€2.00
Bileoga Freagraí (Leibhéil 3–6, pacaí de 25 - Léitheoireacht/Matamaitic ar an mbileog chéanna)	€10.00
Seirbhís Meaisín-Scórála do Bhileoga Freagraí (an costas de réir gach bileog a scóráiltear)	€1.00
Lámhleabhair Riaracháin (Leibhéal 1)	€10.00
Lámhleabhair Riaracháin (Leibhéal 2)	€10.00
Lámhleabhair Riaracháin (Leibhéil 3–6)	€15.00
Lámhleabhair Riaracháin (Leibhéil 1–6)	€5.00

Bógábhair Córais Scórála Trialacha Bunscoile Dhroim Conrach

Chun scóir chaighdeánaithe a ríomh agus tuairiscí a ghiniúint do Léitheoireacht, Mata, TGD-R & TGD-G	€30.00
--	--------

Triail Litríthe (Béarla) Bunscoile Dhroim Conrach

Lámhleabhair Riaracháin (Leibhéil 1–6, pacaí de 25)	€8.00
Lámhleabhair Riaracháin (Leibhéil 1–6)	€13.00

Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Rialta (TGD-R)

Leabhráin na dTrialach (Leibhéil 1–3, pacaí de 5)	€6.50
Lámhleabhair Riaracháin, Leibhéal 1	€6.50
Lámhleabhair Riaracháin, Leibhéal 2	€8.00
Lámhleabhair Riaracháin, Leibhéal 3	€8.00

Trialach Dhroim Conrach ar Luath-Litearthacht (Litearthacht an Bhéarla)

Leabhráin don Triail Scagtha (pacaí de 5)	€6.50
Lámhleabhair Riaracháin	€12.00
Leabhrán don Léiriú Diagnóiseach	€20.00
Leabhráin don Triail Dhiagnóiseach (pacaí de 5)	€6.50

Trialach Dhroim Conrach ar Luath-Uimhearthacht (i mBéarla)

Leabhráin don Triail Scagtha (pacaí de 5)	€6.50
Lámhleabhair Riaracháin	€12.00
Leabhrán don Léiriú Diagnóiseach	€10.00
Tacar na nÁbhar Diagnóiseacha	€12.00
Taifid don Scóráil Dhiagnóiseach (pacaí de 5)	€4.00

Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge (TGD-G)

Leabhráin na Triailach (Leibhéil 1–4, pacaí de 5)	€6.50
Stionsail Scórála (Leibhéil 1–4)	€8.00
Lámhleabhair Riaracháin, Leibhéal 1	€6.50
Lámhleabhair Riaracháin, Leibhéal 2	€8.00
Lámhleabhair Riaracháin, Leibhéal 3	€8.00
Lámhleabhair Riaracháin, Leibhéal 4	€8.00

Triail Iar-Bhunscoile Dhroim Conrach - Litearthacht Léitheoireachta Béarla & Matamaitic

Leabhráin na Trialach (pacaí de 5)	€20.00
Lámhleabhair Riaracháin	€12.00
Bileoga Freagraí (pacaí de 25 - Léitheoireacht/Matamaitic ar an mbileog chéanna)	€40.00
Seirbhís Meaisín-Scórála do Bhileoga Freagraí (an costas de réir gach bileog a scóráiltear)	€2.00

Triail Réasúnaíochta Dhroim Conrach (i mBéarla)

Bileoga Freagraí (costas scórála agus tuairiscithe)	€4.00
Leabhrán na Trialach (saor in aisce má cheannaítear le bileoga freagraí)	N/B
Lámhleabhair Riaracháin (saor in aisce má cheannaítear le bileoga freagraí)	N/B

Foras Taighde ar
Oideachas
Educational
Research Centre

AN FORAS TAIGHDE
AR OIDEACHAS
AN ROINN TÁSTÁLA

66 Bóthar Richmond,
Droim Conrach,
Áth Cliath 3



Fón: (01) 8377 614

Ríomhphost: tests@erc.ie

Gréasán: <https://tests.erc.ie>